

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13406/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0270 (NLE)

UD 255
TR 2
MED 46

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 477 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc, a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 477 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 477 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 477 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc, a mhéid a bhaineann le Cinneadh a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Uimh. X/2026 ÓN gCOISTE UM CHOMHAR CUSTAIM IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN TUIRC

an XX/XX/2026

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc

TÁ AN COISTE UM CHOMHAR CUSTAIM,

Ag féachaint do Chomhaontú an 12 Meán Fómhair 1963 lena mbunaítear comhlachas idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim dheireanach den aontas custaim a chur chun feidhme⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 3(6), Airteagal 13(3) agus Airteagal 28(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagfaidh an Coiste um Chomhar Custaim (CCC) síos na bearta iomchuí is gá chun forálacha an aontais custaim dá dtagraítear in Airteagail 3, 13 agus 28 de Chinneadh Uimh. 1/95 a chur chun feidhme. Chun na críche sin, ghlac CCC Cinneadh Uimh. 1/2006 an 26 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le chur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc.
- (2) Is gá Cinneadh Uimh. 1/2006 a leasú maidir leis na coinníollacha faoina n-eisítear deimhnithe gluaiseachta A.TR go leictreonach.
- (3) Le Cinneadh Uimh. 1/1999 ón gCoiste um Chomhar Custaim idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 28 Bealtaine 1999⁽²⁾, leagadh síos nósanna imeachta chun eisiúint deimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus tarraingt suas dearbhuithe sonraisc faoi na forálacha lena rialaítear trádáil fhabhrach idir an tAontas Eorpach, an Tuirc agus tíortha Eorpacha áirithe a éascú. Leagtar amach sna forálacha sin córas carntha tionscnaimh, córas atá bunaithe ar rialacha tionscnaimh comhionanna agus ar thoirmeasc ar aon aisíocaíocht dleachtanna custaim nó fionraí ó dhleachtanna custaim ar na hearraí lena mbaineann. Foráladh le Cinneadh Uimh. 1/1999 freisin d'úsáid dearbhuithe soláthraí ag onnmhaiseoirí an Aontais Eorpaigh agus na Tuirce, ina luaitear stádas tionscnaimh an Aontais Eorpaigh nó na Tuirce, de réir na rialacha sin, maidir leis na hearraí a fuarthas ó sholáthróirí sa chuid eile den aontas custaim agus maidir leis na modhanna gaolmhara comhair riaracháin.
- (4) Cinneadh Uimh. 1/2000 ón gCoiste um Chomhar Custaim idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 25 Iúil 2000⁽³⁾ maidir le glacadh, mar chruthúnas ar thionscnamh an Chomhphobail nó na Tuirce, le deimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó le dearbhuithe sonraisc arna n-eisiúint ag tíortha áirithe a shínigh comhaontú fhabhrach leis an gComhphobal nó leis an Tuirc, arb é is aidhm dóibh a áirithiú gur féidir le hearraí a chumhdaítear leis an aontas custaim tairbhiú de na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc, agus nuair a allmhairítear iad isteach i gcuid amháin den aontas custaim agus

¹ IO L 035, 13.2.1996, lgh. 0001 – 0047, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1\(5\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1(5)/oj)

² IO L 204, 4.8.1999, lgh. 43–47, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/535/oj>

³ IO L 211, 22.8.2000, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2000/526/oj>

cruthúnas tionscnaimh ag gabháil leo, is é sin cruthúnas tionscnaimh arna eisiúint i dtír a bhfuil comhaontuithe um thrádáil fhabhrach tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach agus ag an Tuirc léi, lena ndéantar foráil maidir le córas carntha tionscnaimh, ar bhonn rialacha tionscnaimh comhionanna agus toirmeasc ar aon aisíocaíocht dleachtanna custaim nó fionraí ó dhleachtanna custaim ar na hearraí lena mbaineann.

- (5) Glacadh Cinntí Uimh. 1/1999 agus Uimh. 1/2000 chun cur i bhfeidhm comhpháirteach an aontais custaim agus na socrúithe trádála fabhracha idir an tAontas Eorpach nó an Tuirc agus tíortha áirithe a éascú. Faoi réir na n-oiriúnuithe is gá chun na cinntí sin a chur i gcomhréir leis na forbairtí is déanaí, rinneadh forálacha nua a ionchorprú i gCinneadh Uimh. 1/2006 agus aisghaireadh Cinneadh Uimh. 1/1999 agus Cinneadh Uimh. 1/2000.
- (6) Le Cinneadh Uimh. 1/2006, glacadh an tagairt is gá do dheimhnithe gluaiseachta EUR-MED, tar éis an córas carntha tionscnaimh uile-Eorpaigh a leathnú chuig na rannpháirtithe sa chomhpháirtíocht Eora-Mheánmhara, ar bhonn Dhearbhú Barcelona a glacadh ag an gComhdháil Eora-Mheánmhara a tionóladh an 27 agus an 28 Samhain 1995.
- (7) Is gá forálacha Chinneadh Uimh. 1/2006 a ailíniú le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an Leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara⁴.
- (8) Is gá forálacha Chinneadh Uimh. 1/2006 a thabhairt cothrom le dáta chun iad a thabhairt i gcomhréir le forálacha nua reachtaíocht chustaim an Aontais agus na Tuirce.
- (9) Thairis sin, is gá téacsanna formhuinithe éagsúla a chur isteach i dteangacha nua an Aontais mar thoradh ar mhéadú an Aontais Eorpaigh.
- (10) Chun cur chun feidhme na rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 a éascú, is iomchuí Cinneadh nua a chur in ionad Chinneadh Uimh. 1/2006.
- (11) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an Leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.
- (12) Forálacha idirthréimhseacha lena gcoinnítear ar bun cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara mar a fhoilsítear in AE IO L54/26.2.2013 i gcomhthreo leis an Leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2025 le Cinneadh Uimh. 2/2024 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara
- (13) Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2026 i gcás na bhforálacha a bhaineann le carnadh tionscnaimh trasnánach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, deimhneacht dhlíthiúil a chaomhnú d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'údarais chustaim, agus aon chur isteach ar chur i bhfeidhm rialacha tionscnaimh fabhracha a sheachaint faoi chuimsiú an aontais custaim, tar éis do na forálacha idirthréimhseacha dul in éag an 31 Nollaig 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

⁴ IO L 390, 19.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj>

Airteagal 1

Leagtar amach sa Chinneadh seo na forálacha cur chun feidhme le haghaidh Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc, dá ngairtear an ‘Bunchinneadh’ anseo feasta.

Airteagal 2

Chun críocha an Chinnidh seo:

1. Ciallóidh ‘tríú tír’ tír nó críoch nach mbaineann le críoch chustaim an aontais custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc;
2. Ciallóidh ‘cuid den aontas custaim’, ar thaobh amháin, críoch chustaim an Aontais Eorpaigh agus, ar an taobh eile, críoch chustaim na Tuirce;
3. Ciallóidh ‘Stát’ Ballstát den Aontas Eorpach nó an Tuirc;
4. Ciallóidh ‘Cód Custaim an Aontais’ Cód Custaim an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013⁵, arna leasú go deireanach;
5. Ciallóidh ‘Forálacha Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais’ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015⁶ lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, arna leasú go deireanach.

TEIDEAL II

FORÁLACHA CUSTAIM IS INFHEIDHME MAIDIR LE TRÁDÁIL IN EARRAÍ IDIR AN DÁ CHUID DEN AONTAS CUSTAIM

CAIBIDIL 1

Ginearálta

Airteagal 3

Gan dochar do na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh, beidh feidhm ag Cód Custaim an Aontais agus a fhorálacha cur chun feidhme, is infheidhme i geríoch chustaim an Aontais Eorpaigh, agus ag Cód Custaim na Tuirce agus a fhorálacha cur chun feidhme, is infheidhme i geríoch chustaim na Tuirce, maidir le trádáil earraí idir an dá chuid den aontas custaim faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo.

Airteagal 4

1. Chun Airteagal 3(4) den Bhunchinneadh a chur chun feidhme, measfar na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin a bheith comhlíonta sa Stát onnmhairiúcháin trí bhailíochtú an doiciméid is gá chun saorchúrsaíocht na n-earraí lena mbaineann a chumasú.
2. Tabhófar fiach custaim ar allmhairiú mar thoradh ar an mbailíochtú dá dtagraítear i mír 1. Eascrófar as freisin go gcuirfear i bhfeidhm na bearta beartais tráchtála a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 12 den Bhunchinneadh agus a bhféadfadh na hearraí a bheith faoina réir.
3. An tráth a thabhófar fiach custaim dá dtagraítear i mír 2, measfar gurb é sin an tráth a ghlacfaidh na húdaráis chustaim leis an dearbhú onnmhairiúcháin a bhaineann leis na hearraí atá i gceist.

⁵ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1

⁶ IO L 343, 29.12.2015, lch. 558

4. Is é an dearbhóir an féichiúnaí. I gcás ionadaíocht indíreach, beidh an duine a ndéanfar an dearbhú thar a cheann ina féichiúnaí freisin.

5. Cinnfear méid na ndleachtanna custaim a chomhfhreagraíonn don fhiach custaim faoi na coinníollacha céanna ar fúthu a chinnfear fiach custaim a d'eascródh ó ghlacadh, ar an dáta céanna, leis an dearbhú maidir leis na hearraí lena mbaineann a scaoileadh i saorchúrsaíocht d'fhonn nós imeachta próiseála isteach a thabhairt chun críche.

CAIBIDIL 2

Forálacha maidir le comhar riaracháin i dtaca le gluaiseacht earraí

Airteagal 5

Gan dochar d'Airteagail 12 agus 18, is le fianaise dhoiciméadach, arna heisiúint ar iarraidh ón onnmhaireoir ag údaráis chustaim na Tuirce nó Ballstáit, a sholáthrófar cruthúnas go gcomhlíontar na coinníollacha is gá chun na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh a chur chun feidhme.

Airteagal 6

1. Is é an deimhniú gluaiseachta A.TR a bheidh san fhianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 5. Tá sampla den fhoirm sin in Iarscríbhinn I.

2. Ní fhéadfar an deimhniú gluaiseachta A.TR a úsáid ach amháin i gcás inar comhionann iad na hearraí a dhearbhaítear le haghaidh allmhairiú i gcuid den aontas custaim agus na hearraí a onnmhairítear ón gcuid eile den aontas custaim. Ní bheidh athrú ná claochlú déanta ar na táirgí ar aon bhealach ná ní bheidh oibríochtaí déanta orthu ach amháin chun dea-bhail a choinneáil orthu nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméadacht a chur leo nó a ghreamú díobh lena áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha den chuid allmhairiúcháin den aontas custaim arna ndéanamh faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír/sna tríú tíortha idirthurais, nó chun iad a roinnt sula ndéantar iad a dhearbhu le haghaidh úsáid intíre.

3. Féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a stóráil ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír/sna tríú tíortha idirthurais.

4. Gan dochar d'fhorálacha Airteagail 7 go 17, féadfar coinsíneachtaí a roinnt ar choinníoll go bhfanfaidh siad faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír/sna tríú tíortha ina ndéantar an roinnt.

5. I gcás amhrais, féadfaidh an chuid allmhairiúcháin den aontas custaim a iarraidh ar an allmhairiú nó ar a ionadaí, aon tráth, gach doiciméad iomchuí a chur faoina bhráid chun fianaise a sholáthar go bhfuil an tAirteagal seo á chomhlíonadh, fianaise is féidir a sholáthar trí aon fhianaise dhoiciméadach, agus go háirithe ar na dóigheanna seo a leanas:

- (a) doiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchta;
- (b) fianaise fhíorasach nó nithiúil atá bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí;
- (c) deimhniú neamhchúblála arna sholáthar ag údaráis chustaim na tíre/na dtíortha idirthurais nó na tíre/na dtíortha ina ndéantar an roinnt, nó aon doiciméad eile a léiríonn gur fhan na hearraí faoi mhaoirseacht chustaim sa tír/sna tíortha idirthurais nó sa tír/sna tíortha ina ndearnadh an roinnt; nó
- (d) aon fhianaise a bhaineann leis na hearraí féin.

Airteagal 7

1. Déanfaidh údaráis chustaim an Stáit onnmhairiúcháin deimhniú gluaiseachta A.TR a fhormhuiniú nuair a onnmhairíofar earraí lena mbaineann sé. Cuirfear ar fáil don onnmhaireoir é a luaith a bheidh onnmhairiú iarbhir déanta nó áirithithe.

2. Ní fhéadfar deimhniú gluaiseachta A.TR a fhorghuiniú ach amháin i gcás inar féidir leis a bheith ina fhianaise dhoiciméadach is gá chun na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh a chur chun feidhme.

3. An t-onnmhaireora dhéanfaidh iarratas ar dheimhniú gluaiseachta A.TR a eisiúint, beidh sé sásta, tráth ar bith, ar iarratas ó údaráis chustaim an Stáit onnmhairiúcháin ina n-eisítear an deimhniú gluaiseachta A.TR, na doiciméid iomchuí uile a chur isteach ina bhfuil cruthúnas ar stádas na n-earraí lena mbaineann agus cruthúnas gur comhlíonadh na ceanglais eile atá sa Bhunchinneadh agus sa Chinneadh seo.

4. An t-onnmhaireoir a dhéanfaidh iarratas ar dheimhniú gluaiseachta A.TR a eisiúint, coimeádfaidh sé cóip chrua nó leagan leictreonach den deimhniú sin agus de gach doiciméad tacaíochta, ar feadh 3 bliana ar a laghad ón dáta eisiúna.

5. Déanfaidh na húdaráis chustaim eisiúna aon bheart is gá chun stádas na n-earraí agus comhlíonadh na gceanglas eile sa Bhunchinneadh agus sa Chinneadh seo a fhíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí. Áiritheoidh na húdaráis chustaim eisiúna freisin go bhfuil na deimhnithe comhlánaithe mar is cuí. Go háirithe, seiceálfaidh siad ar líonadh isteach an spás don tuairisc ar na táirgí ar bhealach nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.

6. Údaráis chustaim an Stáit onnmhairiúcháin a eisíonn deimhniú gluaiseachta A.TR, coimeádfaidh siad na doiciméid lena dtacaítear leis an iarratas ar an deimhniú sin ar feadh 3 bliana ar a laghad ón dáta eisiúna.

Airteagal 8

1. Faoi cheann 10 mí ón dáta a eiseoidh údaráis chustaim an Stáit onnmhairiúcháin é, cuirfear deimhniú gluaiseachta A.TR faoi bhráid údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin.

2. Deimhnithe gluaiseachta A.TR a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin tar éis an dáta deiridh lena gcur isteach a shonraítear i mír 1, féadfar glacadh leo más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe.

3. I gcásanna eile ina gcuirtear na deimhnithe isteach go déanach, glacfaidh údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin le deimhnithe gluaiseachta A.TR i gcás inar cuireadh na hearraí isteach roimh an dáta deiridh sin.

Airteagal 9

1. Déanfar deimhnithe gluaiseachta A.TR a tharraingt suas i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh nó sa Tuircis agus i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta an Stáit onnmhairiúcháin. Nuair a tharraingítear suas deimhnithe sa Tuircis, tarraingeofar suas i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh iad freisin. Déanfar iad a chlósscríobh nó a scríobh de láimh i mbloclitreacha i ndúch.

2. Beidh gach foirm ar thomhas 210×297 mm. Ní mór páipéar bán a úsáid, a bhfuil bián curtha air le haghaidh scríbhneoireachta, nach bhfuil laíon meicniúil ann agus nach lú a mheáchan ná 25 g/m^2 . Beidh patrún giolóise clóite uaine mar chúlra air, chun gur féidir aon bhríonnú trí mheán meicniúil nó ceimiceach a fheiceáil leis an tsúil.

Féadfaidh na Ballstáit agus an Tuirc an ceart a choimeád acu féin chun na foirmeacha a phriontáil iad féin, nó féadfaidh siad iad a fháil priontáilte le clódóirí formheasta. Sa chás deireanach sin beidh tagairt don fhorghéas sin ar gach foirm. Beidh ainm agus seoladh an chlódóra nó marc lenar féidir an clódóir a aithint ar gach foirm. Beidh sraithuimhir air freisin lenar féidir é a shainaithint.

3. Líonfar isteach deimhnithe gluaiseachta A.TR i gcomhréir leis an nóta míniúcháin atá in Iarscríbhinn II agus le haon riail bhreise a leagtar síos faoi chuimsiú an aontais custaim.

Airteagal 10

1. Comhaontaíonn an tAontas agus an Tuirc córais leictreonacha a fhorbairt chun deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisiúint.

Bunóidh an tAontas agus an Tuirc nósanna imeachta cur chun feidhme maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach i gcomhréir lena reachtaíocht inmheánach féin.

2. Malartóidh an tAontas agus an Tuirc na deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach trí úsáid a bhaint as na córais leictreonacha a luaitear i mír 1 a bheidh idirnasctha chun na críche sin. Is trí bhíthin cinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim a bhunófar na nósanna imeachta cur chun feidhme ábhartha chomh maith leis na ceanglais sonraí le haghaidh deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach.

3. Go dtí go mbunófar an t-idirnasc dá dtagraítear i mír 2, féadfar deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisiúint go leictreonach i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1/2025 ón gCoiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc an 24 Aibreán 2025 maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go leictreonach⁷.

4. Ó dháta chur chun feidhme mhír 2, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a liostaítear in Airteagal 9 dá dtagraítear in eisiúint neamhleictreonach deimhnithe gluaiseachta A.TR a thuilleadh maidir le deimhnithe gluaiseachta A.TR arna n-eisiúint i gcomhréir leis an mír sin.

5. D'ainneoin fhorálacha an Airteagail seo, maidir le deimhnithe gluaiseachta A.TR arna n-eisiúint agus arna bhformhuiniú ar pháipéar i gcomhréir leis an sampla dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I i Stát, ní dhiúltófar iad tráth a n-allmhairithe sa Stát eile.

Déanfar fad chur i bhfeidhm na míre seo a fhoirceannadh trí bhíthin cinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim.

Airteagal 11

1. Cuirfear deimhnithe gluaiseachta A.TR faoi bhráid na n-údarás custaim sa Stát allmhairiúcháin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an Stát sin. Féadfaidh na húdaráis sin aistriúchán ar dheimhniú a éileamh. Féadfaidh siad a éileamh freisin go mbeidh ráiteas ón allmhaireoir ag gabháil leis an dearbhú allmhairiúcháin ina bhfuil sé ráite go gcomhlíonann na hearraí na coinníollacha is gá le haghaidh saorchúrsaíochta.

2. Déanfaidh údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin an deimhniú gluaiseachta A.TR a chuirtear faoina mbráid a choimeád ar feadh 3 bliana ar a laghad.

3. I gcás neamhréitigh bheaga idir na ráitis a dhéantar sna deimhnithe gluaiseachta A. TR. agus na ráitis sin a dhéantar sa doiciméad a chuirtear faoi bhráid na n-údarás custaim chun críche na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin a ghabhann leis na hearraí a chur i gcrích, ní chuirfidh na neamhréitigh bheaga sin, *ipso facto*, na deimhnithe ar neamhní más féidir a shuí go cuí go bhfreagraíonn na deimhnithe do na hearraí arna dtíolacadh.

4. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad amhail earráidí cló ar dheimhnithe gluaiseachta A.TR, ní dhiúltófar do na deimhnithe sin dá ndeasca mura cúis amhrais iad na hearráidí sin maidir le cruinneas na ráiteas atá sna deimhnithe sin.

5. I gcás ina ngoidtear, ina gcailltear nó ina scriostar deimhniú gluaiseachta A.TR, féadfaidh an t-onnmhaireoir iarratas a chur isteach chuig an údarás custaim a d'eisigh an deimhniú ar dhúblach a bheidh le déanamh ar bhonn na ndoiciméad onnmhairiúcháin atá ina seilbh. Beidh

⁷ IO L, 2025/1239, 1.7.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1239/oj>

dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta A.TR bunaidh ar an deimhniú gluaiseachta A.TR dúblach a eiseofar ar an mbealach sin agus gabhfaidh éifeacht leis ón dáta sin ar aghaidh. Ní mór an deimhniú gluaiseachta A.TR dúblach a fhormhuiniú i mbosca 8, agus ceann amháin de na focail seo a leanas agus sraithuimhir an deimhnithe bunaidh ag gabháil leis:

BG	“ДУБЛИКАТ”
ES	“DUPLICADO”
CS	“DUPLIKÁT”
DA	“DUPLIKAT”
DE	“DUPLIKAT”
ET	“DUPLIKAAT”
EL	“ΑΝΤΙΓΡΑΦΟ”
EN	“DUPLICATE”
FR	“DUPLICATA”
GA	“DÚBLACH”
HR	“DUPLIKAT”
IT	“DUPLICATO”
LV	“DUBLIKĀTS”
LT	“DUBLIKATAS”
HU	“MÁSODLAT”
MT	“DUPLIKAT”
NL	“DUPLICAAT”
PL	“DUPLIKAT”
PT	“SEGUNDA VIA”
RO	“DUPLICAT”
SL	“DVOJNIK”
SK	“DUPLIKÁT”
FI	“KAKSOISKAPPALE”
SV	“DUPLIKAT”
TR	“İKİNCİ NÜSHADIR”.’.

6. Féadfaidh an t-onnmhaireoir formheasta, dá dtagraítear in Airteagal 12, mír 2, dúblach a eisiúint freisin i gcás ina ngoidtear, ina gcailltear nó ina scriostar deimhniú gluaiseachta A.TR. Beidh dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta A.TR bunaidh ar na deimhnithe sin freisin agus gabhfaidh éifeacht leo ón dáta sin ar aghaidh. Formhuineofar na deimhnithe i mbosca 8 le ceann amháin de na frásaí a luaitear i mír 4 mar aon le sraithuimhir an deimhnithe bhunaidh.

Airteagal 12

1. De mhaolú ar Airteagal 7, féadfar nós imeachta simplithe a úsáid maidir le deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisiúint i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas.
2. Aon onnmhaireoir (dá ngairtear ‘onnmhaireoir formheasta’ anseo feasta), a dhéanann lastais go minic ar féidir deimhnithe gluaiseachta A.TR a eisiúint ina leith agus a thugann, chun sástacht na n-údarás inniúil, na ráthaíochtaí uile is gá chun stádas na n-earraí a fhíorú, féadfaidh na húdaráis chustaim sa Stát onnmhairiúcháin é a údarú gan na hearraí ná an t-iarratas ar dheimhniú gluaiseachta A.TR a bhaineann leis na hearraí sin a chur isteach chuig oifig custaim an Stáit onnmhairiúcháin tráth an onnmhairithe, d’fhonn deimhniú gluaiseachta A.TR a fháil faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7.
3. Diúltóidh na húdaráis chustaim d’onnmhaireoirí nach dtugann na ráthaíochtaí ar fad a mheasann siad is gá don údarú dá dtagraítear i mír 2. Féadfaidh na húdaráis inniúla an t-údarú a tharraingt siar tráth ar bith. Déanfaidh siad amhlaidh i gcás nach gcomhlíonann an t-onnmhaireoir formheasta na coinníollacha a thuilleadh nó nach dtugann sé na ráthaíochtaí sin a thuilleadh.
4. Sonrófar an méid seo a leanas go háirithe san údarú a eiseoidh na húdaráis chustaim:
 - (a) an oifig atá freagrach as réamh-fhormhuiniú na ndeimhnithe;
 - (b) an bealach nach mór don onnmhaireoir formheasta a chruthú gur úsáideadh na deimhnithe sin;
 - (c) sna cásanna dá dtagraítear i mír 5(b), an t-údarás atá inniúil chun an fíorú ina dhiaidh sin dá dtagraítear in Airteagal 17 a dhéanamh.
5. Sonróidh an t-údarú, ar rogha na n-údarás inniúil, nach mór go ndéanfar ceann amháin de na nithe seo a leanas don bhosca atá forchoimeáda lena fhormhuiniú ag na húdaráis chustaim:
 - (a) go bhformhuineofar é roimh ré le stampa oifig custaim inniúil an Stáit onnmhairiúcháin; nó
 - (b) go ndéanfaidh an t-onnmhaireoir formheasta é a fhormhuiniú le stampa speisialta a d’fhormheas údaráis chustaim an Stáit onnmhairiúcháin agus a chomhfhreagraíonn don sampla in Iarscríbhinn III. Féadfar stampa den sórt sin a réamhphriontáil ar na foirmeacha.
6. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 5(a), cuirfear ceann de na frásaí seo a leanas isteach i mbosca 8 ‘Barúlacha’ den deimhniú gluaiseachta A.TR:

‘BG	“Опростена процедура”
ES	“Procedimiento simplificado”
CS	“Zjednodušený postup”
DA	“Forenklet fremgangsmåde”
DE	“Vereinfachtes Verfahren”
ET	“Lihtsustatud tolliprotseduur”
EL	“Απλουστευμένη διαδικασία”
EN	“Simplified procedure”
FR	“Procédure simplifiée”
GA	“Nós imeachta simplithe”
HR	“Pojednostavljene postupak”
IT	“Procedura semplificata”

LV	“Vienkāršota procedūra”
LT	“Supaprastinta procedūra”
HU	“Egyszerűsített eljárás”
MT	“Procedura simplifikata”
NL	“Vereenvoudigde regeling”
PL	“Procedura uproszczona”
PT	“Procedimento simplificado”
RO	“Procedură simplificată”
SL	“Poenostavljen postopek”
SK	“Zjednodušený postup”
FI	“Yksinkertaistettu menettely”
SV	“Förenklat förfarande”
TR	“Basitleştirilmiş prosedür”.’.

7. An deimhniú a líonadh isteach, ar a mbeidh an frása a shonraítear i mír 6 agus a shíneoidh an t-onnmhaireoir formheasta, beidh sé coibhéiseach le doiciméad lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 5.

Airteagal 13

1. Onnmhaireoirí a onnmhairíonn earraí go minic ó Bhallstát den Aontas Eorpach seachas an ceann ina bhfuil onnmhaireoirí bunaithe, féadfaidh siad stádas onnmhaireora formheasta a fháil lena gcumhdaítear onnmhairí den sórt sin.

Chun na críche sin, cuirfidh onnmhaireoirí iarratas faoi bhráid údaráis chustaim inniúla an Bhallstáit ina bhfuil onnmhaireoirí bunaithe agus coimeádfaidh siad na taifid ina bhfuil an fhianaise lena gcruthaítear stádas na n-earraí lena mbaineann chomh maith le comhlíonadh na gceanglas eile sa Bhunchinneadh agus sa Chinneadh seo.

2. Nuair a bheidh na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 sásta gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12, agus nuair a eiseoidh siad an t-údarú, tabharfaidh siad fógra d’údaráis chustaim na mBallstát lena mbaineann.

3. I gcásanna nár réamhphriontáladh an seoladh fíorúcháin i mbosca 14 den deimhniú gluaiseachta A.TR, léireoidh an t-onnmhaireoir i mbosca 8 ‘Barúlacha’ den deimhniú gluaiseachta A.TR tagairt don Bhallstát a d’eisigh an t-údarú, a seolfaidh údaráis chustaim na Tuirce a n-iarrataí ar fhíorú chuige ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 17.

Airteagal 14

Nuair a chuirtear earraí faoi rialú oifige custaim i gcuid amháin den aontas custaim, féadfar ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe gluaiseachta A.TR a chur in ionad an deimhnithe gluaiseachta A.TR bunaidh chun na hearraí sin uile nó cuid díobh a sheoladh chuig áit eile laistigh de chríoch chustaim an aontais custaim. Is í an oifig custaim ar faoina rialú a chuirtear na táirgí a eiseoidh an deimhniú/na deimhnithe gluaiseachta A.TR athsholáthair.

Airteagal 15

1. Údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na Tuirce, trí bhíthin an Choimisiúin Eorpaigh, cuirfidh siad ar fáil dá chéile clónna samplacha de stampaí a úsáidtear ina n-oifigí custaim le haghaidh eisiúint deimhnithe gluaiseachta A.TR agus seoltaí na n-údarás custaim ar a bhfuil an fhreagracht maidir le fíorú na ndeimhnithe sin.

2. Chun a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo i bhfeidhm go cuí, tabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Tuirc cúnamh dá chéile, trí na húdaráis chustaim inniúla, maidir le seiceáil a dhéanamh ar bharántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta A.TR agus ar chruinneas na faisnéise atá iontu.

Airteagal 16

1. D'ainneoin Airteagal 7(1), féadfar, ar bhonn eisceachtúil, deimhniú gluaiseachta A.TR a eisiúint laistigh de 2 bhliain ó dháta onnmhairiú na n-earraí lena mbaineann sé más rud é:

- (a) nár eisíodh é tráth an onnmhairithe de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla; nó
- (b) gur eisíodh é ach nár glacadh leis tráth an allmhairithe ar chúiseanna teicniúla.
- (c) nárbh eol ceann scríbe na dtáirgí lena mbaineann tráth an onnmhairithe agus gur cinneadh é le linn a n-iompair nó a stórála, agus i ndiaidh coinsíneachtaí a roinnt, más rud é gur roinneadh iad, i gcomhréir le hAirteagal 6.

2. Maidir le mír 1 a chur chun feidhme, ní foláir don onnmhaireoir áit onnmhairithe agus dáta onnmhairithe na dtáirgí lena mbaineann an deimhniú gluaiseachta A. TR a léiriú ina iarratas, agus ní foláir dó na cúiseanna atá lena iarraidh a shonrú.

3. Ní fhéadfaidh na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta A.TR a eisiúint go cúlghabhálach ach amháin tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis atá in iarratas an onnmhaireora ag teacht leis an bhfaisnéis sa chomhad comhfhreagrach.

4. Beidh ceann de na frásaí seo a leanas scríofa i mbosca 8 mar fhormhuiniú ar dheimhnithe gluaiseachta A.TR a eisítear go cúlghabhálach:

‘BG “ИЗДАДЕН ВПОСЛЕДСТВО”

ES “EXPEDIDO A POSTERIORI”

CS “VYSTAVENO DODATEČNĚ”

DA “UDSTEDT EFTERFØLGENDE”

DE “NACHTRÄGLICH AUSGESTELLT”

ET “TAGANTJÄRELE VÄLJA ANTUD”

EL “ΕΚΔΟΘΕΝ ΕΚ ΤΩΝ ΥΣΤΕΡΩΝ”

EN “ISSUED RETROSPECTIVELY”

FR “DÉLIVRÉ A POSTERIORI”

GA “A EISÍTEAR GO CÚLGHABHÁLACH”

HR “NAKNADNO IZDANO”

IT “RILASCIATO A POSTERIORI”

LV “IZSNIEGTS RETROSPEKTĪVI”

LT “RETROSPEKTYVUSIS IŠDAVIMAS”

HU “KIADVA VISSZAMENŐLEGES HATÁLLYAL”

MT “MAHRUĠ RETROSPETTIVAMENT”

NL “AFGEGEVEN A POSTERIORI”

PL “WYSTAWIONE RETROSPEKTYWNIĘ”

PT “EMITIDO A POSTERIORI”

RO “EMIS A POSTERIORI”
 SL “IZDANO NAKNADNO”
 SK “VYDANÉ DODATOČNE”
 FI “ANNETTU JÄLKIKÄTEEN”
 SV “UTFÄRDAT I EFTERHAND”
 TR “SONRADAN VERİLMİŞTİR”.’.

5. Féadfaidh an t-onnmhaireoir formheasta dá dtagraítear in Airteagal 12, mír 2, deimhniú gluaiseachta A.TR a eisiúint go cúlghabhálach freisin sna cásanna a luaitear i mír 1. Beidh ceann de na frásaí a luaitear i mír 4 ar na deimhnithe sin freisin.

Airteagal 17

1. Déanfar fíoruithe ina dhiaidh sin ar dheimhnithe gluaiseachta A.TR go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin faoi bharántúlacht na ndeimhnithe, stádas na n-earraí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile atá sa Bhunchinneadh nó sa Chinneadh seo.

2. Chun críocha chur chun feidhme fhorálacha mhír 1, cuirfidh údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin an deimhniú gluaiseachta A.TR ar ais chuig údaráis chustaim an Stáit onnmhairiúcháin, maille leis an sonrasc, má cuireadh isteach é, nó cóip de na doiciméid sin, maille le cur síos, i gcás inarb iomchuí, ar na cúiseanna atá leis an bhfiosrúchán. Aon doiciméad nó aon fhaisnéis a gheofar ar doiciméad nó faisnéis é nó í as a bhféadfaí a bhaint de thuiscint gur faisnéis mhícheart an fhaisnéis ar an deimhniú gluaiseachta A. TR, déanfar é nó í a sheoladh ar aghaidh mar thaca leis an iarratas ar fhíorú.

3. Is iad údaráis chustaim an Stáit onnmhairiúcháin a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart acu aon fhianaise a iarraidh agus aon imscrúdú a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó tabhairt faoi aon seiceáil eile a mheasfar a bheith iomchuí.

4. Má chinneann údaráis chustaim an Stáit allmhairiúcháin an chóireáil a deonaíodh do na hearraí lena mbaineann, de thoradh na bhforálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh, a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh torthaí an fhíoraithe sin isteach, tairgfear scaoileadh na n-earraí don allmhaireoir faoi réir aon bheart réamhchúraim a mheastar is gá.

5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Léireoidh na torthaí sin go soiléir cé acu atá na doiciméid barántúil nó nach bhfuil agus an féidir a mheas go bhfuil na hearraí lena mbaineann i saorchúrsaíocht san aontas custaim agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile an Bhunchinnidh agus an Chinnidh seo.

6. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra faoi cheann 10 mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó mura leordhóthanach an fhaisnéis chun barántúlacht an doiciméid i gceist nó fíorstádas na n-earraí a chinneadh, déanfaidh na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, an chóireáil de thoradh na bhforálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh a dhiúltú.

Airteagal 18

1. De mhaolú ar Airteagal 5, tá feidhm ag na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh freisin maidir le hearraí a allmhairítear i gcuid amháin den aontas custaim má tá cruthúnas ar thionscnamh na Tuirce nó an Aontais Eorpaigh ag gabháil leo, atá bunaithe i dtír, i ngrúpa tíortha nó i gcríoch faoi fhorálacha comhaontuithe um thrádáil fhabhrach, arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach agus ag an Tuirc araon leis an tír, leis an ngrúpa

tíortha nó leis an gcríoch sin agus lena bhforáiltear do chóras carntha tionscnaimh lena dtugtar le tuiscint go gcuirtear rialacha tionscnaimh comhionanna i bhfeidhm.

2. Beidh feidhm ag na socruithe maidir le comhar riaracháin, a leagtar síos i rialacha tionscnaimh na gcomhaontuithe ábhartha um thrádáil fhabhrach, maidir leis na cruthúnais dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 19

I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin in Airteagal 17, ar díospóidí iad nach féidir a réiteach idir na húdaráis chustaim a d'iarr fíorú agus na húdaráis chustaim a bhí freagrach as an bhfíorú sin a dhéanamh, nó i gcás ina n-ardóidh siad ceist i dtaobh léirmhíniú an Chinnidh seo, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid an Choiste um Chomhar Custaim.

I ngach cás, is faoi reachtaíocht an Stáit allmhairiúcháin a réiteofar díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis chustaim an Stáit sin.

Airteagal 20

Forchuirfear pionóis ar aon duine a tharraingeoidh suas doiciméad, nó a chuirfidh faoi deara doiciméad a tharraingt suas, ina bhfuil faisnéis mhícheart d'fhonn an chóireáil a eascraíonn as na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh a fháil.

CAIBIDIL 3

Forálacha maidir le hearraí a thugann taistealaithe leo

Airteagal 21

Ar choinníoll nach bhfuil siad beartaithe le haghaidh úsáid tráchtála, earraí a thabharfaidh taistealaithe ó chuid amháin den aontas custaim go dtí an chuid eile den aontas custaim, tairbheoidh siad de na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh gan bheith ina n-ábhar don deimhniú dá bhforáiltear i gCaibidil 2 nuair a dhearbhfófar iad mar earraí a chomhlíonann na coinníollacha le haghaidh saorchúrsaíochta agus nuair nach mbeidh aon amhras ann faoi chruinneas an dearbhaithe.

CAIBIDIL 4

Coinsíneachtaí poist

Airteagal 22

Tairbheoidh coinsíneachtaí poist (lena n-áirítear pacáistí poist) de na forálacha maidir le saorchúrsaíocht a leagtar síos sa Bhunchinneadh gan bheith ina n-ábhar don deimhniú dá bhforáiltear i gCaibidil 2, ar choinníoll nach léirítear ar an bpacáil ná ar na doiciméid tionlacain nach gcomhlíonann na hearraí atá inti na coinníollacha a leagtar amach sa Bhunchinneadh. Is éard atá sa tásc seo lipéad buí, a bhfuil sampla de in Iarscríbhinn IV, a ghreamaíonn údaráis inniúla an Stáit onnmhairiúcháin i ngach cás den chineál sin.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CUSTAIM IS INFHEIDHME MAIDIR LE TRÁDÁIL EARRAÍ LE TRÍÚ TÍORTHA

CAIBIDIL 1

Forálacha maidir le luach custaim chun críoch custaim

Airteagal 23

Na costais iompair agus árachais, muirir luchtaithe agus muirir láimhseála a bhaineann le hiompar earraí tríú tír tar éis na hearraí a thabhairt isteach i gcríoch an aontais custaim, ní

chuirfear san áireamh iad chun críoch luachála custaim, ar choinníoll go léireofar iad ar leithligh ón bpraghas a íocadh iarbhir nó atá iníoctha i leith na n-earraí sin.

CAIBIDIL 2

Próiseáil amach

Airteagal 24

Chun críocha na Caibidle seo, ciallóidh ‘*trácht triantánach*’ an córas faoina ndéantar na táirgí cúiteacha tar éis próiseála amach a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus faoiseamh páirteach nó iomlán acu ó dhleachtanna ar allmhairí i gcuid den aontas custaim seachas sa chuid sin ónar onnmhairíodh na hearraí go sealadach.

Airteagal 25

1. I gcás ina scaoiltear táirgí cúiteacha nó athsholáthair i saorchúrsaíocht faoin gcóras tráchta thriantánaigh, féadfaidh an tAontas Eorpach agus an Tuirc, trí bhíthin Cinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim, comhaontú modhanna leictreonacha a úsáid chun faisnéis a chur in iúl maidir le hearraí onnmhairiúcháin sealadacha i dtrácht triantánach, chun faoiseamh páirteach nó iomlán a fháil le haghaidh táirgí cúiteacha nó athsholáthair.

2. Go dtí go ndéanfar an cinneadh a luaitear i mír 1, úsáidfear bileog faisnéise INF 2.

Airteagal 26

1. Tarraingeofar suas bileog faisnéise INF 2, le haghaidh chainníochtaí na n-earraí a cuireadh isteach don nós imeachta, i ndoiciméad bunaidh agus i gcóip amháin de sin ar fhoirmeacha atá i gcomhréir leis an sampla a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gCinneadh seo. Líonfar isteach na foirmeacha i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh nó sa Tuircis. Formhuineoidh an oifig iontrála an doiciméad bunaidh agus an chóip de bhileog faisnéise INF 2. Coinneoidh sí an chóip agus cuirfidh sé an doiciméad bunaidh ar ais chuig an dearbhóir.

2. An oifig iontrála a n-iarrfar uirthi an bhileog faisnéise INF 2 a fhorhuiniú, léireoidh sí, i mbosca 16, na modhanna a úsáidtear chun na hearraí onnmhairiúcháin sealadacha a shainaithint.

3. I gcás ina dtógtar samplaí nó ina n-úsáidtear léaráidí nó tuairiscí teicniúla, déanfaidh an oifig dá dtagraítear i mír 1 na samplaí, na léaráidí nó na tuairiscí teicniúla sin a fhíordheimhniú trína séala custaim a ghreamú ar na míreanna, i gcás ina gceadaíonn a gcineál é, nó ar an bpacáistíocht ar bhealach nach féidir crioscaíl a dhéanamh leis.

Déanfar lipéad ar a mbeidh stampa na hoifige agus sonraí tagartha an dearbhaithe onnmhairiúcháin a chur i gceangal leis na samplaí, na léaráidí nó na tuairiscí teicniúla ar bhealach a chuirfidh cosc ar ionadú.

Déanfar na samplaí, na léaráidí nó na tuairiscí teicniúla, arna bhfíordheimhniú agus arna séalú i gcomhréir leis an mír seo, a chur ar ais chuig an onnmhaireoir, agus cuirfidh an t-onnmhaireoir i láthair iad agus na séalaí slán nuair a athallmhairítear na táirgí cúiteacha nó athsholáthair.

4. I gcás ina mbeidh gá le hanailís agus nach mbeidh na torthaí ar eolas go dtí go mbeidh bileog faisnéise INF 2 formhuinithe ag an oifig custaim, tabharfar an doiciméad ina mbeidh toradh na hanailíse don onnmhaireoir i gclúdach séalaithe crioscaildíonach.

Airteagal 27

1. Deimhneoidh an oifig imeachta ar an doiciméad bunaidh gur fhág na hearraí an chríoch chustaim agus tabharfaidh sí ar ais don duine a thíolaic í.

2. Déanfaidh allmhaireoir na dtáirgí cúiteacha nó athsholáthair an doiciméad bunaidh de bhileog faisnéise INF 2 agus, i gcás inarb iomchuí, an modh aitheantais, a thíolacadh don oifig tarscaoilte.

Airteagal 28

1. I gcás ina measfaidh an oifig custaim a eisiónn an bhileog faisnéise INF 2 go bhfuil gá le faisnéis bhreise seachas an fhaisnéis atá le feiceáil ar an mbileog faisnéise, cuirfidh sí na sonraí sin isteach. I gcás nach mbeidh dóthain spáis fágtha, cuirfear bileog bhreise i gceangal leis. Déanfar é a lua ar an doiciméad bunaidh.

2. Féadfar iarraidh ar an oifig custaim a d'fhormhuinigh bileog faisnéise INF 2 fíorú iarscaoilte a dhéanamh ar bharántúlacht na bileoige agus ar chruinneas na sonraí atá inti.

3. I gcás coinsíneachtaí comhleanúnacha, féadfar an líon riachtanach bileog faisnéise INF 2 a tharraingt suas le haghaidh chainníocht na n-earraí nó na dtáirgí a chuirtear isteach le haghaidh na socruithe. Féadfar bileoga faisnéise breise a chur in ionad na bileoige faisnéise tosaigh freisin nó, i gcás nach n-úsáidtear ach bileog faisnéise amháin, féadfaidh an oifig custaim dá bhformhuinítear an bhileog na cainníochtaí earraí nó táirgí a bhreacadh síos ar an doiciméad bunaidh. I gcás nach mbeidh dóthain spáis fágtha, cuirfear bileog bhreise i gceangal agus luafar an bhileog sin ar an doiciméad bunaidh.

4. Féadfaidh na húdaráis chustaim cead a thabhairt bileoga faisnéise achoimreacha INF 2 a úsáid le haghaidh sreabha trádála tráchta thriantánaigh lena mbaineann líon mór oibríochtaí lena gcumhdaítear cainníocht iomlán na n-allmhairí/na n-onnmhairí thar thréimhse áirithe.

5. In imthosca eisceachtúla, féadfar bileog faisnéise INF 2 a eisiúint go cúlghabhálach ach ní fhéadfar í a eisiúint tar éis dhul in éag na tréimhse is gá chun doiciméid a choimeád.

Airteagal 29

I gcás ina ngoidtear, ina gcailltear nó ina scriostar bileog faisnéise INF 2, féadfaidh an t-oibreoir iarraidh ar an oifig custaim, a d'fhormhuinigh í, dúblach a eisiúint. Comhlíonfaidh an oifig sin an iarraidh sin ar choinníoll gur féidir a thaispeáint nár athallmhairíodh go fóill na hearraí onnmhairiúcháin sealadacha a n-iarrtar an dúblach ina leith.

Beidh ceann amháin de na léirithe seo a leanas ar an doiciméad bunaidh agus ar na cóipeanna den bhileog faisnéise a eiseofar amhlaidh:

BG	“ДУБЛИКАТ”
ES	“DUPLICADO”
CS	“DUPLIKÁT”
DA	“DUPLIKAT”
DE	“DUPLIKAT”
ET	“DUPLIKAAT”
EL	“ΑΝΤΙΓΡΑΦΟ”
EN	“DUPLICATE”
FR	“DUPLICATA”
GA	“DÚBLACH”
HR	“DUPLIKAT”
IT	“DUPLICATO”

LV	“DUBLIKĀTS”
LT	“DUBLIKATAS”
HU	“MÁSODLAT”
MT	“DUPLIKAT”
NL	“DUPLICAAT”
PL	“DUPLIKAT”
PT	“SEGUNDA VIA”
RO	“DUPLICAT”
SL	“DVOJNIK”
SK	“DUPLIKÁT”
FI	“KAKSOISKAPPALE”
SV	“DUPLIKAT”
TR	“İKİNCİ NÜSHADIR”.’.

Airteagal 30

Deonófar faoiseamh páirteach ó dhleachtanna ar allmhairí trí chostas na hoibríochta próiseála a ghlacadh mar bhonn don luach dleachta arna iarraidh sin do tháirgí cúiteacha atá le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

Diúltóidh údaráis chustaim ríomh an fhaoisimh pháirtigh ó dhleachtanna ar allmhairí faoin bhforáil seo más rud é, sula scaoilfear na táirgí cúiteacha i saorchúrsaíocht, go suífear gurbh é an t-aon chuspóir amháin a bhí leis na hearraí onnmhairiúcháin sealadacha a scaoileadh i saorchúrsaíocht ag dleachtráta nialasach, ar earraí iad nach de thionscnamh ceann de na codanna den aontas custaim iad, de réir bhrí Theideal II, Caibidil 2, Roinn 1, de Chód Custaim an Aontais agus Theideal II, Caibidil 2, Roinn 1, de Chód Custaim na Tuirce, tairbhiú d’fhaoiseamh páirteach faoin bhforáil seo.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha maidir le luach custaim a leagtar síos i gCód Custaim an Aontais agus i gCód Custaim na Tuirce maidir leis na costais phróiseála nach gcuirfear na hearraí onnmhairiúcháin sealadacha san áireamh iontu.

CAIBIDIL 3

Earraí a thugtar ar ais

Airteagal 31

1. Ar iarratas ón duine lena mbaineann, tabharfar faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí d’earraí a onnmhaireofar ó chuid amháin den aontas custaim agus a thabharfar ar ais go dtí an chuid eile den aontas custaim agus a scaoilfear i saorchúrsaíocht laistigh de thréimhse trí bliana.

Féadfar dul thar an tréimhse 3 bliana chun imthosca speisialta a chur san áireamh.

2. Na hearraí arna dtabhairt ar ais, i gcás inar scaoileadh i saorchúrsaíocht iad ag dleacht laghdaithe nó ag dleacht nialasach ar allmhairí mar gheall ar a n-úsáid chun críche áirithe, sular onnmhairíodh iad ó chríoch custaim coda amháin den aontas custaim, ní dheonófar díolúine ó dhleacht faoi mhír 1 ach amháin má tá siad le hathallmhairiú chun na críche céanna.

I gcás nach ionann a thuilleadh an chríoch ar chuici atá na hearraí le hallmhairiú, laghdófar méid na ndleachtanna ar allmhairí is innmhuirearaithe orthu faoi aon mhéid a thoibhítear ar na hearraí nuair a scaoiltear i saorchúrsaíocht iad den chéad uair. Más mó an méid deireanach sin ná an méid a thoibhítear ar earraí arna dtabhairt ar ais nuair a scaoiltear i saorchúrsaíocht iad den chéad uair, ní dheonófar aon aisíocaíocht.

3. Ní dheonófar an faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí dá bhforáiltear i mír 1 i gcás earraí a onnmhairítear ó chríoch chustaim coda amháin den aontas custaim faoin nós imeachta próiseála amach ach amháin má fhanann na hearraí sin sa stát inar onnmhairíodh iad.

Airteagal 32

Ní dheonófar an faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí dá bhforáiltear in Airteagal 31 ach amháin má athallmhairítear earraí sa stát inar onnmhairíodh iad.

Airteagal 33

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 31 agus 32 maidir le táirgí cúiteacha a onnmhairíodh nó a athonnmhairíodh i dtosach tar éis nós imeachta próiseála isteach.

Cinnfear méid na dleachta ar allmhairí atá dlite go dlíthiúil ar bhonn na rialacha is infheidhme faoin nós imeachta próiseála isteach, agus measfar gurb é dáta athonnmhairithe na dtáirgí cúiteacha dáta scaoilte i saorchúrsaíocht.

Airteagal 34

Beidh earraí arna dtabhairt ar ais díolmhaithe ó dhleachtanna ar allmhairí fiú mura bhfuil iontu ach cion de na hearraí a onnmhairíodh roimhe sin ón gcuid eile den aontas custaim.

Beidh feidhm ag an méid sin freisin i gcás inarb éard atá sna hearraí páirteanna nó gabhálaí a bhaineann le meaisíní, uirlisí, gairis nó táirgí eile a onnmhairíodh roimhe sin ón gcuid eile den aontas custaim.

Airteagal 35

1. De mhaolú ar Airteagal 32, beidh earraí arna dtabhairt ar ais i gceann de na cásanna seo a leanas díolmhaithe ó dhleachtanna ar allmhairí:

- (a) earraí, tar éis iad a onnmhairiú ón gcuid eile den aontas custaim, nach bhfuair aon chóireáil seachas an chóireáil is gá chun iad a choinneáil i ndea-riocht nó a fuair láimhseáil nach n-athraíonn ach a gcuma amháin;
- (b) earraí, tar éis iad a onnmhairiú ón gcuid eile den aontas custaim, a fuair cóireáil seachas cóireáil a raibh gá léi chun iad a choinneáil i ndea-riocht nó a fuair láimhseáil seachas an láimhseáil a athraíonn a gcuma, ach a cruthaíodh a bheith lochtach nó neamhoiriúnach don úsáid a bhí beartaithe dóibh, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - gur cuireadh an chóireáil nó an láimhseáil sin ar na hearraí d’fhonn iad a dheisiú nó chun dea-riocht a chur orthu arís agus chun na críche sin amháin,
 - níor tháinig a neamhoiriúnacht don úsáid a bhí beartaithe dóibh chun solais go dtí tar éis tús a bheith curtha leis an gcóireáil nó leis an láimhseáil sin.

2. I gcás ina ndearnadh cóireáil nó láimhseáil a cheadaítear faoi mhír 1(b) ar earraí arna dtabhairt ar ais agus go bhfágfadh an chóireáil sin go mbeidís faoi dhliteanas dleachtanna ar allmhairí dá dtiocfaidís faoi phróiseáil amach, beidh feidhm ag na rialacha atá i bhfeidhm maidir le dleacht a mhuirearú faoin nós imeachta sin.

Más rud é, áfach, go ndearnadh oibríocht ar earraí, ar oibríocht í lena mbaineann deisiú nó athchóiriú chun dea-riocht a chur ar na hearraí a tháinig chun bheith riachtanach de thoradh

imthosca gan choinne a tháinig chun cinn lasmuigh den dá chuid den aontas custaim, rud a shuífear chun sástacht na n-údarás custaim, deonófar faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí ar choinníoll nach airde luach na n-earraí arna dtabhairt ar ais, de thoradh na hoibríochta sin, ná a luach tráth an onnmhairithe ó chríoch chustaim na coda eile den aontas custaim.

3. Chun críocha an dara fomhír de mhír 2:

- (a) ciallóidh ‘deisiú nó athchóiriú chun dea-riocht a chur ar na hearraí a tháinig chun bheith riachtanach’: aon oibríocht chun lochtanna oibriúcháin nó damáiste ábhartha a bhain d’earraí le linn dóibh a bheith lasmuigh den dá chuid den aontas custaim a leigheas, nárbh fhéidir na hearraí a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh dá huireasa chun na gríoch a bhí beartaithe dóibh;
- (b) measfar nach airde luach na n-earraí arna dtabhairt ar ais, de thoradh na hoibríochta a rinneadh orthu, ná a luach tráth an onnmhairithe ón gcuid eile den aontas custaim, i gcás nach dtéann an oibríocht thar an méid atá fíor-riachtanach chun gur féidir leanúint dá n-úsáid ar an mbealach céanna agus a bhí an tráth sin.

I gcás inar gá páirt spártha a ionchorprú chun earraí a dheisiú nó chun iad a chur ar ais i ndeal-riocht, beidh an t-ionchorprú sin teoranta do na páirteanna sin a bhfuil géarghá leo chun gur féidir na hearraí a úsáid ar an mbealach céanna agus a bhí tráth an onnmhairithe.

Airteagal 36

Agus na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin custaim á gcur i gcrích, eiseoidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin don duine lena mbaineann, doiciméad ina mbeidh an fhaisnéis is gá chun na hearraí a shainaithint i gcás ina gcuirfear ar ais iad chuig críoch chustaim coda amháin den aontas custaim.

Airteagal 37

1. Glacfar leis an méid seo a leanas mar earraí arna dtabhairt ar ais:

- earraí a dtugtar na doiciméid seo a leanas ar aird ina leith mar thaca leis an dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht:
 - (a) an chóip den dearbhú onnmhairiúcháin a chuir na húdaráis chustaim ar ais chuig an onnmhaireoir, nó cóip den doiciméad sin a dheimhnigh na húdaráis sin a bheith fíor; nó
 - (b) an bhileog faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 38.

I gcás ina léireoidh fianaise atá ar fáil do na húdaráis chustaim ag oifig custaim an athallmhairithe nó atá infhionnta acu ón duine lena mbaineann go ndearnadh na hearraí a dearbhaíodh le haghaidh saorchúrsaíochta a onnmhairiú i dtosach ón gcuid eile den aontas custaim, agus ag an am sin gur chomhlíon siad na coinníollacha maidir le glacadh mar earraí arna dtabhairt ar ais, ní cheanglófar na doiciméid dá dtagraítear in (a) agus (b);

- earraí a chumhdaítear le Carnet ATA a eisítear sa chuid eile den aontas custaim.

Féadfar glacadh leis na hearraí sin mar earraí arna dtabhairt ar ais laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le hAirteagal 31, fiú nuair a bheidh bailíocht Carnet ATA dulta in éag.

I ngach cás, déanfar na foirmiúlachtaí seo a leanas:

- an fhaisnéis a thugtar i mboscaí A go G den dearbhán athallmhairiúcháin a fhíorú,
- líonadh isteach an chomhdhuille agus bhosca H den bhileog athallmhairiúcháin,
- an dearbhán athallmhairiúcháin a choinneáil.

2. Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhleasc de mhír 1 maidir le gluaiseacht idirnáisiúnta ábhar pacála, modhanna iompair nó earraí áirithe a ligtear isteach faoi shocruithe sonracha custaim i gcás ina leagtar síos le forálacha uathrialacha nó traidisiúnta nach bhfuil gá le doiciméid chustaim sna himthosca sin.

Ní bheidh feidhm aige ach oiread i gcásanna ina bhféadfar earraí a dhearbhu lena scaoileadh i saorchúrsaíocht ó bhéal nó trí aon ghníomh eile.

3. I gcás ina measfaidh na húdaráis chustaim ag oifig custaim an athallmhairithe gur gá sin, féadfaidh siad a iarraidh ar an duine lena mbaineann fianaise bhreise a chur isteach, go háirithe chun na hearraí arna dtabhairt ar ais a shainaithint.

Airteagal 38

Tarraingeofar suas bileog faisnéise INF 3 i mbunchóip agus in dhá chóip ar fhoirmeacha atá i gcomhréir leis na samplaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn 62-02 a ghabhann le Forálacha Cur Chun Feidhme Chód Custaim an Aontais nuair a eisítear san Aontas Eorpach é agus leis na samplaí atá leagtha amach *mutatis mutandis* i nDlí Custaim na Tuirce ar bhonn na hIarscríbhinne sin, nuair a eisítear sa Tuirc é.

Déanfar na foirmeacha a líonadh isteach i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh nó sa Tuircis.

Airteagal 39

1. Eiseoidh na húdaráis chustaim bileog faisnéise INF 3 arna iarraidh sin don onnmhaireoir ag oifig custaim an onnmhairithe tráth a gcuirfear na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin le haghaidh na n-earraí lena mbaineann i gcrích, má dhearbhaíonn an t-onnmhaireoir gur dócha go dtabharfar na hearraí sin ar ais trí oifig custaim de chuid na coda eile den aontas custaim.

2. Féadfaidh na húdaráis chustaim bileog faisnéise INF 3 a eisiúint freisin ag oifig custaim an onnmhairithe, arna iarraidh sin don onnmhaireoir, tar éis na foirmiúlachtaí onnmhairiúcháin le haghaidh na n-earraí lena mbaineann a bheith curtha i gcrích, ar choinníoll gur féidir leis na húdaráis sin a shuíomh, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dóibh, go mbaineann na sonraí atá in iarraidh an onnmhaireora leis na hearraí a onnmhairíodh.

Airteagal 40

1. Beidh i mbileog faisnéise INF 3 na míreanna faisnéise uile a éilíonn na húdaráis chustaim chun na hearraí onnmhairithe a shainaithint.

2. I gcás ina bhfuil coinne leis go dtabharfar na hearraí onnmhairithe ar ais go dtí an chuid eile den aontas custaim nó go dtí an dá chuid den aontas custaim trí roinnt oifigí custaim seachas an oifig custaim onnmhairiúcháin, féadfaidh an t-onnmhaireoir a iarraidh go n-eiseofar roinnt bileoga faisnéise INF 3 chun cainníocht iomlán na n-earraí onnmhairithe a chumhdach.

Ar an gcuma chéanna, féadfaidh an t-onnmhaireoir a iarraidh ar na húdaráis chustaim a d'eisigh bileog faisnéise INF 3 roinnt bileoga faisnéise INF 3 a chur ina ionad lena gcumhdófar cainníocht iomlán na n-earraí a áirítear i mbileog faisnéise INF 3 a eisíodh ar dtús.

Féadfaidh an t-onnmhaireoir a iarraidh freisin go n-eiseofar bileog faisnéise INF 3 i leith cion de na hearraí onnmhairithe amháin.

Airteagal 41

Cuirfear an bhunchóip agus cóip amháin de bhileog faisnéise INF 3 ar ais chuig an onnmhaireoir lena gcur i láthair ag oifig custaim an athallmhairithe. Coimeádfar an dara cóip i gcomhaid oifigiúla na n-údarás custaim a d'eisigh í.

Airteagal 42

Déanfaidh oifig custaim an athallmhairithe taifead ar an mbunchóip agus ar an gcóip de bhileog faisnéise INF 3 ar chainníocht na n-earraí arna dtabhairt ar ais atá díolmhaithe ó dhleachtanna ar allmhairí, agus an bhunchóip á coinneáil aici agus an chóip á seoladh aici, ar a bhfuil an uimhir thagartha agus dáta an dearbhaithe le haghaidh saorchúrsaíochta, chuig na húdaráis chustaim a d’eisigh í.

Cuirfidh na húdaráis chustaim sin an chóip sin i gcomparáid leis an gcóip atá ina seilbh acu agus coinneoidh siad ina gcomhaid oifigiúla í.

Airteagal 43

I gcás ina ngoidtear, ina gcailltear nó ina scriostar an bhunbhileog faisnéise INF 3, féadfaidh an duine lena mbaineann dúblach a iarraidh ar na húdaráis chustaim a d’eisigh í. Comhlíonfaidh siad an iarraidh sin más gá sin de bharr na n-imthosca. Beidh ceann amháin de na tásca seo a leanas ar dhúblach a eiseofar amhlaidh:

‘BG	“ДУБЛИКАТ”
ES	“DUPLICADO”
CS	“DUPLIKÁT”
DA	“DUPLIKAT”
DE	“DUPLIKAT”
ET	“DUPLIKAAT”
EL	“ΑΝΤΙΓΡΑΦΟ”
EN	“DUPLICATE”
FR	“DUPLICATA”
GA	“DÚBLACH”
HR	“DUPLIKAT”
IT	“DUPLICATO”
LV	“DUBLIKĀTS”
LT	“DUBLIKATAS”
HU	“MÁSODLAT”
MT	“DUPLIKAT”
NL	“DUPLICAAT”
PL	“DUPLIKAT”
PT	“SEGUNDA VIA”
RO	“DUPLICAT”
SL	“DVOJNIK”
SK	“DUPLIKÁT”
FI	“KAKSOISKAPPALE”
SV	“DUPLIKAT”
TR	“İKİNCİ NÜSHADIR”.’.

Déanfaidh na húdaráis chustaim taifead ar an gcóip de bhileog faisnéise INF 3 atá ina seilbh acu gur eisiódh dúblach.

Airteagal 44

1. Arna iarraidh sin do na húdaráis chustaim ag oifig custaim an athallmhairithe, cuirfidh na húdaráis chustaim ag oifig custaim an onnmhairithe an fhaisnéis uile atá ar fáil dóibh in iúl do na húdaráis chustaim sin chun é a chur ar a gcumas dóibh a chinneadh an gcomhlíonann na hearraí na coinníollacha is gá chun tairbhiú d'fhorálacha na caibidle seo.

2. Féadfar bileog faisnéise INF 3 a úsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a iarraidh agus a tharchur.

CAIBIDIL 4

Cruthúnais ar thionscnamh fabhrach a bhunú i gcodanna den aontas custaim

Airteagal 45

Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha atá beartaithe chun an méid seo a leanas a éascú:

(a) cruthúnais tionscnaimh a eisiúint agus a tharraingt suas agus forálacha ábhartha eile a chur i bhfeidhm a bhaineann le tionscnamh earraí dá bhforáiltear faoi fhorálacha comhaontuithe um thrádáil fhabhrach, arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach agus an Tuirc araon le tíortha, le grúpaí tíortha nó le críocha agus lena ndéantar foráil maidir le córas carntha tionscnaimh a thugann le tuiscint go gcuirtear rialacha tionscnaimh comhionanna i bhfeidhm;

(b) an comhar riaracháin idir údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na Tuirce chun na gcríoch sin.

Airteagal 46

1. Chun Airteagal 45(a) a chur chun feidhme, soláthróidh soláthróirí earraí i saorchúrsaíocht san aontas custaim atá le seachadadh idir an dá chuid den aontas custaim dearbhú, dá ngairtear an 'dearbhú soláthraí' anseo feasta.

2. Beidh faisnéis sa dearbhú soláthraí agus úsáidfear mar fhianaise é:

(a) maidir le stádas tionscnaimh na n-earraí a sholáthraítear i ndáil leis na rialacha tionscnaimh dá bhforáiltear sna comhaontuithe um thrádáil fhabhrach lena mbaineann,

(b) maidir le hearraí ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil i gcuid amháin den aontas custaim gan stádas tionscnaimh fabhrach a bheith faighte acu i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh dá bhforáiltear sna comhaontuithe um thrádáil fhabhrach lena mbaineann,

(c) maidir le hearraí ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil i dtíortha a bhfuil comhaontuithe um thrádáil fhabhrach tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach agus leis an Tuirc araon lena ndéantar foráil maidir le córas carntha tionscnaimh a thugann le tuiscint go gcuirtear rialacha tionscnaimh comhionanna i bhfeidhm gan stádas tionscnaimh fabhrach a bheith faighte acu i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh dá bhforáiltear sna comhaontuithe um thrádáil fhabhrach sin, nó

(d) chun Airteagal 52 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 47

Cé is moite de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 48, soláthróidh an soláthróir dearbhú ar leithligh le haghaidh gach coinsíneachta earraí.

Cuirfidh an soláthróir an dearbhú sin ar an sonrasc tráchtála a bhaineann leis an gcoinsíneacht sin nó ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile ina bhfuil tuairisc ar na hearraí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leordhóthanach chun iad a shainaitint.

Féadfaidh an soláthróir an dearbhú a sholáthar tráth ar bith, fiú tar éis sheachadadh na n-earraí.

Airteagal 48

1. Nuair a sholáthraíonn soláthróir earraí do chustaiméir áirithe go tráthrialta a meastar go bhfanfaidh a stádas tionscnaimh seasmhach ar feadh tréimhsí suntasacha ama, féadfaidh sé dearbhú soláthraí aonair a sholáthar lena gcumhdófar lastais de na hearraí sin ina dhiaidh sin, dá ngairtear ‘dearbhú soláthraí fadtéarmach’ anseo feasta.
2. Tarraingeofar suas dearbhú soláthraí fadtéarmach le haghaidh coinsíneachtaí a sheoltar le linn tréimhse ama agus luafar trí dháta ann:
 - (a) an dáta a dtarraingítear suas an dearbhú (dáta eisiúna);
 - (b) dáta tosaithe na tréimhse (dáta tosaithe), nach bhféadfaidh a bheith níos mó ná 12 mhí roimh an dáta eisiúna nó níos mó ná 6 mhí tar éis an dáta eisiúna;
 - (c) dáta dheireadh na tréimhse (dáta deiridh), nach bhféadfaidh a bheith níos mó ná 24 mhí tar éis an dáta tosaigh.
3. Cuirfidh an soláthróir an custaiméir ar an eolas láithreach nuair nach bhfuil an dearbhú soláthraí fadtéarmach bailí i ndáil le roinnt coinsíneachtaí nó i ndáil le gach coinsíneacht de na hearraí a sholáthraítear agus atá le soláthar.

Airteagal 49

1. I gcás earraí a bhfuil stádas tionscnaimh fabhrach faighte acu, déanfar na dearbhuithe soláthraí a tharraingt suas mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI A. Déanfar na dearbhuithe soláthraí fadtéarmacha le haghaidh na dtáirgí sin a tharraingt suas mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII A.
2. I gcás earraí ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil i gcuid amháin den aontas custaim gan stádas tionscnaimh fabhrach a bheith faighte acu, déanfar na dearbhuithe soláthraí a tharraingt suas mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI B. Déanfar na dearbhuithe soláthraí fadtéarmacha le haghaidh na dtáirgí sin a tharraingt suas mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII B.
3. I gcás earraí ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil i dtríú tíortha a bhfuil comhaontuithe um thrádáil fhabhrach tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach agus leis an Tuirc araon lena bhforáiltear do chóras carntha tionscnaimh lena dtugtar le tuiscint go gcuirtear rialacha tionscnaimh comhionanna i bhfeidhm, déanfar na dearbhuithe soláthraí a tharraingt suas mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VI C. Déanfar na dearbhuithe soláthraí fadtéarmacha le haghaidh na dtáirgí sin a tharraingt suas mar a leagtar síos in Iarscríbhinn VII C.
4. Chun Airteagal 52 a chur chun feidhme, tar éis na hearraí a onnmhairiú ó chríoch chustaim an aontais custaim, cuirfidh an t-onnmhaireoir na dearbhuithe soláthraí i mír 1 ar ais chuig an soláthróir, ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn VI D agus in Iarscríbhinn VII D.
5. Síneoidh an soláthróir an dearbhú soláthraí agus féadfar é a tharraingt suas ar fhoirm réamhphriontáilte. Mar sin féin, i gcás ina dtarraingítear suas an sonrasc agus an dearbhú soláthraí araon trí theicnící próiseála sonraí leictreonacha, ní gá an dearbhú soláthraí a shíniú ar choinníoll go dtugann an soláthróir gealltanais i scríbhinn don chliant go nglacfaidh sé freagracht iomlán as gach dearbhú soláthraí lena saináithnítear é amhail is dá mbeadh sé sínithe ag an soláthróir.

Airteagal 50

1. Chun Airteagal 45(b) a chur chun feidhme, tabharfaidh údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na Tuirce cúnamh dá chéile maidir le cruinneas na faisnéise a thugtar sna dearbhuithe soláthraí a sheiceáil.
2. Na húdaráis chustaim atá freagrach san áit ina bhfuil an soláthróir bunaithe, tabharfar de chumhacht dóibh, i gcás inarb iomchuí, na dearbhuithe soláthraí arna dtarraingt suas ag an soláthróir sin a fhíorú.
3. Féadfaidh údaráis chustaim an Stáit atá freagrach san áit ina bhfuil an custaiméir bunaithe (na húdaráis iarrthacha), cúnamh a iarraidh ar údaráis chustaim an Stáit eile atá freagrach san áit ina bhfuil an soláthróir bunaithe (na húdaráis faighte iarrata), chun cruinneas an dearbhaithe soláthraí a fhíorú agus a dheimhniú chun críocha an tsocraithe fhabhraigh lena mbaineann.
4. Seolfaidh na húdaráis iarrthacha an fhaisnéis agus na doiciméid uile atá ar fáil chuig na húdaráis faighte iarrata agus tabharfaidh siad na cúiseanna lena n-iarraidh ar fhíorú.
5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis iarrthacha tráth nach déanaí ná 120 lá ó dháta na hiarrata ar fhíorú. I gcás nach bhfaighfear freagra laistigh den teorainn ama sin, nó i gcás nach leor an fhaisnéis atá sa fhreagra chun a dheimhniú gur chomhlíon an soláthróir a oibleagáidí faoi Airteagail 46 go 49, 51 agus 52 maidir leis an dearbhú soláthraí lena mbaineann, déanfar neamhaird den dearbhú sin chun stádas tionscnaimh na n-earraí lena mbaineann a chinneadh nó chun Airteagal 52 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 51

An soláthróir a tharraingíonn suas dearbhú soláthraí, coimeádfaidh sé an fhianaise dhoiciméadach uile lena gcruthaítear go bhfuil an dearbhú cruinn ar feadh 3 bliana ar a laghad.

Airteagal 52

1. Maidir le hábhair a allmhairítear i gcuid amháin den aontas custaim ó lasmuigh de chríoch chustaim an aontais custaim agus a úsáidtear ansin le haghaidh monarú earraí a thagann faoi raon feidhme an Bhunchinnidh, beidh siad incháilithe ansin chun dleachtanna custaim nó muirir chomhéifeachta a aisíoc nuair a onnmhairíonn an chuid eile den aontas custaim na hearraí ina bhfuil na hábhair sin ó chríoch chustaim an aontais custaim, bíodh oibriú nó próiseáil bhreise déanta orthu ann nó ná bíodh, i gcomhréir le forálacha comhaontuithe um thrádáil fhabhrach le tríú tíortha arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach agus ag an Tuirc araon lena bhforáiltear do chóras carntha tionscnaimh a thugann le tuiscint go gcuirtear rialacha tionscnaimh comhionanna i bhfeidhm agus nach bhfuil aon toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta.
2. a) Féadfaidh feidhm a bheith ag mír 1 ar choinníoll go ndearnadh na hearraí a onnmhairiú i gcuid amháin den aontas custaim, ar chur isteach dearbhuithe soláthraí ina bhfuil an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 49(4) ag an oibreoir eacnamaíoch. Beidh an t-oibreoir eacnamaíoch réidh chun fianaise bhreise a chur isteach tráth ar bith, arna iarraidh sin do na húdaráis chustaim, amhail cóip de dhearbhu onnmhairiúcháin na n-earraí ó chríoch chustaim an aontais custaim, cruthúnas tionscnaimh na n-earraí a onnmhairíodh agus cruthúnas gur íocadh na dleachtanna ar na hábhair allmhairithe ó lasmuigh de chríoch chustaim an aontais custaim a úsáideadh chun na hearraí lena mbaineann a mhonarú.
- b) Ba cheart an iarraidh sin a thaisceadh sa stát allmhairiúcháin inar íocadh dleachtanna ar na hábhair a allmhairíodh ó lasmuigh den aontas custaim tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta an allmhairithe, i gcomhréir leis an rialachán atá i bhfeidhm ansin.

c) Cuirfidh onnmhaireoir na n-earraí in iúl sa dearbhú onnmhairiúcháin gur líonadh an dearbhú soláthraí isteach mar a fhoráiltear in Airteagal 49(4)

d) Ní dheonófar aisíocaíocht ach amháin i gcás ina gcuireann an fhianaise a cuireadh isteach é ar a gcumas do na húdaráis custaim a shuíomh gur úsáideadh na hábhair allmhairithe a n-éilítear aisíocaíocht ina leith i monarú na n-earraí a onnmhairíodh as críoch custam an aontais custam.

3. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus an Tuirc treoirlínte a fhoilsiú maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo de réir a rialacha agus a nósanna imeachta inmheánacha.

4. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le hearraí a thugtar ar ais i gcríoch an aontais custaim. Chun na críche sin, cuirfidh na húdaráis chustaim atá i gceannas ar na foirmiúlachtaí maidir leis na hearraí arna dtabhairt ar ais stát allmhairiúcháin na n-ábhar ar an eolas faoi na hearraí arna dtabhairt ar ais nuair a bheidh an fhaisnéis dá bhforáiltear i mír 2(c) sa dearbhú onnmhairiúcháin.

5. Ní bheidh feidhm ag foráil an Airteagail seo maidir le táirgí a bhaineann le Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe.

6. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo le hearraí a luaitear in Airteagal 49 (2) agus (3).

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 53

Aisghairtear leis seo Cinneadh Uimh. 1/2006. Déanfar tagairtí d'fhorálacha na gCinntí aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha an Chinnidh seo. Na dearbhuithe soláthraí, lena n-áirítear an dearbhú soláthraí fadtéarmach, a rinneadh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, leanfaidh siad de bheith bailí.

Féadfar leanúint de dheimhnithe gluaiseachta A.TR arna n-eisiúint i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1/2006 a úsáid go dtí go mbeidh na stoic chlóite atá ann cheana ídithe.

Beidh feidhm ag Airteagail 6(2), 6(3), 6(4), 6(5), 8(1), 11(6), 16, 18, 46(1), 46(2)(a), 46(2)(b) 46(2)(c), 49(1), 49(2), 49(3), 49(5), 50 agus 51 ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh

Thar ceann an Choiste um Chomhar Custaim

An tUachtarán

...

IARSCRÍBHINN I

DEIMHNIÚ GLUAISEACHTA

(¹) Cuir isteach an Ballstát nó an Tuirc
 (²) Ná líon isteach ach amháin i gcás ina n-éilíonn an tír
 onnmhairiúcháin

1. Onnmhairroir (Ainm, seoladh iomlán, tír)		A.TR Uimh. A 000 000	
		2. Doiciméad iompair (Roghnach) Uimh.....Dáta.....	
3. Coinsíní (Ainm, seoladh iomlán, tír) (Roghnach):		4. COMHLACHAS idir AN tAONTAS EORPACH agus AN TUIRC	
		5. Tír onnmhairiúcháin	6. Tír cinn scribe (¹)
7. Sonraí iompair (Roghnach)		8. Barúlacha	
9. Uimhir Ítime	10. Marcálacha agus uimhreacha; Líon agus cineál na bpacáistí (i gcás earraí i mbulc, tabhair ainm na loinge nó uimhir an vaigín iarnróid nó na feithicle bóthair); Tuairisc ar na hearraí		11. Ollmheáchan (kg) nó tomhas eile (hl, m³, etc.)
12. FORMHUINIÚ CUSTAIM Dearbhú arna dheimhniú Stampa Doiciméad onnmhairiúcháin (²): Foirm Uimh..... Oifig custaim Tír eisiúna..... (Áit agus dáta) (Síniú)		13. DEARBHÚ AN ONNMHAIREORA Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, go gcomhlíonann na hearraí thuasluaite na coinníollacha is gá chun an deimhniú seo a eisiúint (Áit agus dáta) (Síniú)	

14. IARRAIDH AR FHÍORÚ, chuig:	15. TORADH AN FHÍORAITHE
Iarrtar barántúlacht agus cruinneas an deimhnithe seo a fhíorú (Áit agus dáta) Stampa (Síniú)	Léiríonn an fíorú a rinneadh maidir leis an deimhniú seo⁽¹⁾ ☐ gurbh í an oifig custaim atá luaite a d'eisigh é agus go bhfuil an fhaisnéis atá ann cruinn ☐ nach gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le barántúlacht agus cruinneas (féach na nótaí i gceangal leis seo) (Áit agus dáta) Stampa (Síniú) ⁽¹⁾ Cuir X sa bhosca cuí
Seoladh iomlán na hoifige a bhfuil an iarraidh á déanamh aici	

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN DON DEIMHNIÚ GLUAISEACHTA


I. Rialacha maidir leis an deimhniú gluaiseachta a líonadh isteach

1. Tarraingeofar suas an deimhniú gluaiseachta A.TR. i gcomhréir le foráil Airteagal 9(1).
2. Níor cheart aon scríosadh ná aon cheartúchán forshuite a bheith sa deimhniú gluaiseachta A.TR. Ba cheart aon athrú is gá a dhéanamh trí na sonraí míchearta a scríosadh agus aon cheartúchán is gá a chur leo. Ní mór inisealacha a bheith curtha le haon athrú den sórt sin ag an duine a líon isteach an deimhniú agus ní mór do na húdaráis chustaim é a fhorghníú.
Ní mór tuairisc ar na táirgí a sholáthar sa bhosca atá curtha in áirithe chun na críche sin gan aon líne a fhágáil bán. Mura mbeidh an bosca líonta isteach ina iomláine, ní mór líne chothrománach a tharraingt faoi bhun líne dheireanach na tuairisce agus an spás bán a chrosáil.

II. Sonraí le cur isteach sna boscaí éagsúla

1. Cuir isteach ainm agus seoladh iomlán an duine nó na cuideachta lena mbaineann.
2. I gcás inarb iomchuí, cuir isteach uimhir an doiciméid iompair.
3. I gcás inarb iomchuí, cuir isteach ainm iomlán agus seoladh an duine/na ndaoine nó na cuideachta/na gcuideachtaí lena bhfuil na hearraí le seachadadh.
5. Cuir isteach ainm na tíre óna n-onnmhairítear na hearraí.
6. Cuir isteach ainm na tíre lena mbaineann.
9. Cuir isteach uimhir an earra atá i gceist i ndáil le líon iomlán na n-earraí ar an deimhniú.
10. Cuir isteach marcanna, uimhreacha, cainníocht agus cineál na bpacáistí agus an ghnáth-thuairisc thrádála ar na hearraí.
11. Cuir isteach ollmhais na n-earraí a bhfuil tuairisc orthu i mbosca comhfhreagrach 10, arna sloinneadh i gcileagraim nó i dtomhas eile (hl, m³, etc).
12. Le líonadh isteach ag an údarás custaim. I gcás inarb iomchuí, cuir isteach na sonraí a bhaineann leis an doiciméad onnmhairiúcháin (cineál agus uimhir na foirme agus ainmneacha na hoifige custaim agus na tíre eisiúna).
13. Cuir isteach áit agus dáta, síniú agus ainm an onnmhaireora nó, faoi fhreagracht an onnmhaireora, ainm a ionadaí údaraithe.


Stampa speisialta dá dtagraítear in Airteagal 12(5)(b)



(1) Inisealacha nó armas an Stáit onnmhairiúcháin.

(2) Cibé faisnéis is gá chun an t-onnmhaireoir formheasta a shainaitint.

Lipéad buí dá dtagraítear in Airteagal 22



IARSCRÍBHINN V

1. Sealbhóir An duine atá freagrach	INF 2 BILEOG EOLAIS Uimh./ 000 000 PRÓISEÁIL AMACH TRÁCHT TRIANTÁNACH		
3. An oifig custaim a ndéantar iarratas chuici:	2. Iarratas Iarrann an duine thíos-sínithe deimhniú na faisnéise maidir leis na hearraí dá dtagraítear i mbosca 12 d'fhonn iad a athallmhairiú isteach san Aontas Custaim Áit: _____ Siniú Dáta: _____ lá mí bliain		
4. An tír athallmhairiúcháin atá beartaithe	5. An tír phróiseála nó an tír cinn scríbe		
6. Údarú próiseála amach	7. Ráta toraidh		
8. Oibriochtaí próiseála údaráithe:	9. Mionsonraí eile an údaráithe		
10. Tuairisc ar tháirgí cúiteacha atá le hathallmhairiú	11. Cód AC		
12. Tuairisc ar earraí onnmhairithe sealadacha	13. Cód AC	14. Glanchainníocht	15. luach staidrimh
FAISNÉIS ATÁ LE SOLÁTHAR TRÁTH AN ONNMHAIRITHE SHEALADAIGH			
16. Stampa na hoifige iontrála Faisnéis atá deimhnithe a bheith ceart Uimhir an doiciméid onnmhairiúcháin shealadaigh Dar dáta: _____ lá mí bliain An modh aitheantais a úsáideadh Barúlacha: Oifig custaim (ainm agus tír) An lá deiridh chun táirgí cúiteacha a athallmhairiú: Dar dáta: _____ lá mí bliain Stampa			
17. Stampa na hoifige custaim imeachta Na hearraí a dtugtar tuairisc orthu i mbosca 12, d'fhág siad an tAontas Custaim an: Dar dáta: _____ lá mí bliain Barúlacha: Oifig custaim (ainm agus tír) Stampa:			

18. Iarraidh ar fhíorú iarscaoilte

larrann na húdaráis chustaim a luaitear thíos fíorú na barántúlachta ina bhfuil.

na bileoige faisnéise seo agus cruinneas na sonraí atá inti

Áit:

Dáta:

lá

mí

bliain

Stampa:

Síniú:

Ainm agus seoladh na n-údarás custaim

19. Toradh an fhioraithe

An bhileog faisnéise seo ⁽¹⁾

☐ rinneadh an oifig custaim a luaitear i mbosca 16 í a stampáil

agus tá na sonraí atá ann ceart

☐ is cúis leis na barúlacha a thugtar thíos í

Áit:

Dáta:

lá

mí

bliain

Stampa:

Síniú

Ainm agus seoladh na n-údarás custaim

20. Táirgí cúiteacha a athallmhairiú

Sonraigh an chainníocht atá ar fáil i mboscaí A agus an chainníocht a athallmhairíodh i mboscaí B

Cainníocht	Cineál, uimhir agus dáta an doiciméid lena scaoileadh i saorchúrsaíocht stampa na hoifige custaim	Cainníocht (ar leanúint)	Cineál, uimhir agus dáta an doiciméid lena scaoileadh i saorchúrsaíocht stampa na hoifige custaim
A			
B			
A			
B			

21. Barúlacha

Cuir cros 'x' sa bhosca cuí

NÓTAÍ

A. Nótaí ginearálta

- Ní mór an fhoirm a líonadh isteach go soléite agus go doscrista, de rogha trí chlóscríobhán. Níor cheart aon scríosadh ná focail fhorscríofa a bheith ann. Ba cheart ceartú a dhéanamh trí líne a chur trí na hiontrálacha míchearta agus más gá, na sonraí cearta a chur leis. Ní mór don duine a líonann isteach an fhoirm a inisealacha a chur leis na ceartúcháin agus ní mór don oifig custaim a líonann isteach bosca 16 na ceartúcháin a fhorhuiniú.
- Ní mór don sealbhóir [sealbhóir an údaraithe próiseála amach] boscaí 1 go 15 a líonadh isteach.

B. Nótaí speisialta a thagraíonn d'uimhreacha bosca:

- Tabhair an t-ainm, an seoladh agus an tír. I gcás duine dlítheanach, ba cheart ainm an duine atá freagrach a thabhairt freisin.
- Tabhair an t-ainm, an seoladh agus an tír.
- Tabhair uimhir agus dáta an údaraithe agus ainm an údaráis custaim a d'eisigh é.
- Tabhair tuairisc bheacht ar na táirgí cúiteacha agus úsáid á baint as an ngnáth-thuairisc thráchtála nó as an tuairisc tharaife.
- Tabhair ceannnteideal nó fo-cheannnteideal taraife na dtáirgí cúiteacha mar a léirítear ar an údarú.
- Tabhair tuairisc bheacht ar na hearraí agus úsáid á baint as an ngnáth-thuairisc thráchtála nó as an tuairisc tharaife. Ní mór an tuairisc a bheith ag teacht leis an tuairisc a thugtar sa doiciméad onnmhairiúcháin. Má tá na hearraí faoi réir an nós imeachta próiseála isteach, cuir isteach 'earraí PI' agus tabhair an fhaisnéis uile is gá chun na dleachtanna a ríomh i gcás inar scaoileadh na táirgí próiseáilte le linn a gcéime neamhathraithe i saorchúrsaíocht sa Stát eile seachas an Stát inar allmhairíodh na hearraí.
- Tabhair an ghlanchainníocht arna sloinneadh in aonaid den chóras méadrach (kg, lítir, m², etc).
- Tabhair an luach staidrimh tráth a taisceadh an dearbhú onnmhairiúcháin, agus ceann de na giorrúcháin airgeadra náisiúnta seo a leanas roimhe:
 - EUR i gcás euro
 - CZK i gcás koruna na Seicia
 - DKK i gcás krone na Danmhairge
 - HUF i gcás fhorint na hUngáire
 - PLN i gcás zloty na Polainne
 - RON i gcás leu na Rómáine
 - SEK i gcás krona na Sualainne

GA

31

GA

- TRY i gcás lira na Tuirce

DEARBHÚ SOLÁTHRAÍ

Ní mór an dearbhú soláthraí, a bhfuil a théacs thíos, a tharraingt suas i gcomhréir leis na fonótaí. Mar sin féin, ní gá na fonótaí a athsholáthar.

DEARBHÚ SOLÁTHRAÍ

A. I gcás earraí tionscnaimh:

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthróir na n-earraí atá liostaithe sa doiciméad seo.....¹, gur de thionscnamh.....² na hearraí seo agus go gcomhlíonann siad na rialacha tionscnaimh lena rialaítear an trádáil fhabhrach le.....³.

Dearbhaím gurb amhlaidh:

☐ Rinneadh ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun na hearraí seo a tháirgeadh a allmhairiú san Aontas/sa Tuirc le dearbhú/dearbhuíthe allmhairiúcháin uimh..... dáta.....

☐ Carnadh tionscnaimh curtha i bhfeidhm le (ainm na tíre/na dtíortha)

☐ Níor cuireadh carnadh tionscnaimh i bhfeidhm ⁴

Geallaim go gcuirfidh mé ar fáil do na húdaráis chustaim aon doiciméad tacaíochta breise a theastaíonn uathu

.....⁵

.....⁶

.....⁷

¹ Más rud é nach mbaineann ach roinnt de na hearraí atá liostaithe sa doiciméad leis, ba cheart iad a léiriú nó a mharcáil go soiléir agus an mharcáil sin a chur isteach sa dearbhú mar a leanas: ‘...atá liostaithe ar an doiciméad seo agus atá marcáilte ... a sholáthraítear...’

² An tAontas nó an Tuirc nó tír, grúpa tíortha nó críoch dá dtagraítear in Airteagal 45(a)

³ An tír, an grúpa tíortha nó an chríoch lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 45(a)

⁴ Líon isteach agus scrios i gcás inar gá

⁵ Áit agus dáta

⁶ Ainm agus feidhm sa chuideachta

⁷ Síniú (féadfar é a ríomhshíniú)

B. I gcás earraí ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil san Aontas/sa Tuirc, gan stádas tionscnaimh fhabhraigh a bheith faighte acu:

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthróir na n-earraí a chumhdaítear leis an doiciméad atá i gceangal, an méid seo a leanas a dhearbhu:

Baineadh úsáid as na hábhair seo a leanas nach de thionscnamh an Aontais/na Tuirce iad san Aontas/ sa Tuirc chun na hearraí sin a tháirgeadh:

Tuairisc ar na hearraí a soláthraíodh ⁸	Tuairisc ar na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh	Ceannteideal na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ⁹	Luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ^{9 10}
Luach iomlán			

Is de thionscnamh [luaigh ainm na bPáirtithe Conarthacha ábhartha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara] iad na hábhair uile eile a úsáidtear san Aontas Eorpach/sa Tuirc chun na táirgí sin a tháirgeadh

.....¹¹
.....¹²
.....¹³

⁸ Nuair is le cineálacha difriúla earraí a bhaineann an sonrasc, an nóta seachadta nó an doiciméad tráchtála eile lena bhfuil an dearbhú i gceangal, nó le hearraí nach gcuimsíonn ábhair neamhthionscnaimh chomh mór céanna, ní mór don soláthróir idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu.

Sampla:

Baineann an doiciméad le samhlacha difriúla de mhótar leictreacha faoi cheannnteideal 8501 atá le húsáid i monarú meaisíní níochnaí faoi cheannnteideal 8450. Bíonn difríochtaí i gcineál agus i luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i monarú na mótar sin ó shamhail amháin go samhail eile. Dá bhrí sin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na samhlacha sa chéad cholún agus ní mór na táscairí sna colúin eile a sholáthar ar leithligh do gach samhail chun é a chur ar a chumas don mhonaróir meaisíní níochnaí measúnú ceart a dhéanamh ar stádas tionscnaimh a chuid táirgí, ag brath ar an tsamhail de mhótar leictreach a úsáideann sé

⁹ Níor cheart na táscairí atá á n-iarraidh sna colúin sin a thabhairt ach amháin más gá sin a dhéanamh.

Samplaí:

De réir na rialach maidir le baill éadaigh atá faoi ex Caibidil 62 is ceadmhach fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice a úsáid. Maidir le monaróir ball éadaigh den sórt sin sa Tuirc a úsáideann fabraic a allmhairíodh ón Aontas Eorpach agus a fuarthas ansin trí shnáth neamhthionscnaimh a shníomh, is leor don soláthróir ón Aontas Eorpach tuairisc a thabhairt ina dhearbhu ar an ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh mar shnáth, gan é a bheith riachtanach ceannteideal agus luach an tsnátha sin a lua.

I gcás inar táirgeadh iarann faoi cheannnteideal 7217 ó bharraí iarainn neamhthionscnaimh, ba cheart don táirgeoir ‘barraí iarainn’ a scríobh sa dara colún. I gcás ina n-úsáidfear an tsreang sin i dtáirgeadh meaisín a bhfuil teorainn ina leith sa riail i ndáil le gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear suas go luach céatadain áirithe, is gá luach na mbarraí neamhthionscnaimh a scríobh sa tríú colún

¹⁰ Ciallaíonn ‘luach na n-ábhar’ an luach custaim trátha a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear, nó, murab eol sin agus mura féidir é a fhionnadh, an chéad phraghas infhionnta a íocadh as na hábhair san Aontas/sa Tuirc

¹¹ Áit agus dáta

¹² Ainm agus feidhm sa chuideachta

¹³ Síniú (féadfár é a ríomhshíniú)

C. I gcás earraí neamhthionscnaimh ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil i dtríú tíortha a bhfuil comhaontuithe um thrádáil fhabhrach tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach agus leis an Tuirc araon lena ndéantar foráil maidir le córas carntha tionscnaimh lena dtugtar le tuiscint go gcuirtear rialacha tionscnaimh comhionanna i bhfeidhm

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthróir na n-earraí a chumhdaítear leis an doiciméad atá i gceangal, a dhearbhu gur allmhairíodh na hearraí neamhthionscnaimh seo a leanas san Aontas Eorpach/sa Tuirc leis an dearbhú/na dearbhuithe soláthraí seo a leanas:

Tuairisc ar na hearraí a soláthraíodh	Dearbhú soláthraí (arna eisiúint i dtríú tír)

..... 14

..... 15

..... 16

D. LE LÍONADH ISTEACH CHUN AIRTEAGAL 52 A CHUR I bhFEIDHM

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos go ndearnadh

earraí/ábhair a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí seo, a onnmhairíodh ón Aontas Eorpach/ón Tuirc le A.TR uimh....., a onnmhairiú chuig/a úsáid i monarú na n-earraí a onnmhairíodh chuig (sonraigh ainm an CP ábhartha de Choinbhinsiún PEM) faoin socrú fabhrach leis an dearbhú onnmhairiúcháin uimhdáta..... agus EUR.1/dearbhu tionscnaimh uimh dáta.....

..... 17

..... 18

..... 19

TABHAIR FAOI DEARA: Más gá níos mó ná deimhniú gluaiseachta A.TR amháin, dearbhú onnmhairiúcháin amháin agus/nó cruthúnas tionscnaimh amháin a lua, liostófar iad ar leathanach eile atá i gceangal leis an dearbhú soláthraí

-
- 14 Áit agus dáta
 - 15 Ainm agus feidhm sa chuideachta
 - 16 Síniú (féadfar é a ríomhshíniú)
 - 17 Áit agus dáta
 - 18 Ainm agus feidhm sa chuideachta
 - 19 Síniú an onnmhaireora (féadfar é a ríomhshíniú)

DEARBHÚ SOLÁTHRAÍ FADTÉARMACH

Ní mór an dearbhú soláthraí, a bhfuil a théacs thíos, a tharraingt suas i gcomhréir leis na fonótaí. Mar sin féin, ní gá na fonótaí a athsholáthar.

DEARBHÚ SOLÁTHRAÍ

A. I gcás earraí tionscnaimh:

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthróir na n-earraí a bhfuil tuairisc orthu thíos

.....¹

.....²

a sholáthraítear go tráthrialta do³, gur de thionscnamh

.....⁴ na hearraí seo

agus go gcomhlíonann siad na rialacha tionscnaimh lena rialaítear an trádáil fhabhrach le

.....⁵.

Dearbhaím gurb amhlaidh:

☐ Rinneadh ábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun na hearraí sin a tháirgeadh a allmhairiú san Aontas/sa Tuirc le dearbhú/dearbhuíthe allmhairiúcháin uimh.....
dáta.....

☐ Carnadh tionscnaimh curtha i bhfeidhm le (ainm na tíre/na dtíortha)

☐ Níor cuireadh carnadh tionscnaimh i bhfeidhm ⁶

Tá an dearbhú seo bailí le haghaidh gach lastais de na táirgí sin a sheoltar ó: go⁷

Geallaim go gcuirfidh mé ar fáil do na húdaráis chustaim aon doiciméad tacaíochta breise a theastaíonn uathu

.....⁸

.....⁹

.....¹⁰

¹ Más rud é nach mbaineann ach roinnt de na hearraí atá liostaithe sa doiciméad leis, ba cheart iad a léiriú nó a mharcáil go soiléir agus ba cheart an mharcáil sin a chur isteach sa dearbhú mar a leanas: 'atá liostaithe ar an doiciméad seo agus atá marcáilte ... a sholáthraítear...'

² Ainmníocht tráchtála mar a úsáidtear ar na sonraisc, e.g. uimhir samhla.

³ Ainm na cuideachta dá soláthraítear na hearraí.

⁴ An tAontas nó an Tuirc nó tír, grúpa tíortha nó críoch dá dtagraítear in Airteagal 45(a)

⁵ An tír, an grúpa tíortha nó an chríoch lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 45(a)

⁶ Líon isteach agus scrios i gcás inar gá

⁷ Tabhair an dáta tosaigh agus an dáta deiridh. Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 24 mhí.

⁸ Áit agus dáta

⁹ Ainm agus feidhm sa chuideachta

¹⁰ Síniú (féadfáir é a ríomhshíniú)

B. Le haghaidh earraí ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil san Aontas/sa Tuirc, gan stádas tionscnaimh fhabhraigh a bheith faighte acu:

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthróir na n-earraí a chumhdaítear sa doiciméad atá i gceangal agus a sholáthraítear go tráthrialta do

¹¹ , an méid seo a leanas:

Baineadh úsáid as na hábhair seo a leanas nach de thionscnamh an Aontais/na Tuirce iad san Aontas/sa Tuirc chun na hearraí sin a tháirgeadh:

Tuairisc ar na hearraí a soláthraíodh ¹²	Tuairisc ar na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh	Ceannteideal na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ¹³	Luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh ^{9 14}
Luach iomlán			

Is de thionscnamh [luaigh ainm na bPáirtithe Conarthacha ábhartha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara] iad na hábhair uile eile a úsáidtear san Aontas Eorpach/sa Tuirc chun na táirgí sin a tháirgeadh

Tá an dearbhú seo bailí le haghaidh gach lastais de na táirgí sin a sheoltar ó: go¹⁵

Geallaim go gcuirfidh mé ar fáil do na húdaráis chustaim aon doiciméad tacaíochta breise a theastaíonn uathu.

.....¹⁶

.....¹⁷

.....¹⁸

¹¹ Ainm agus seoladh an chustaiméara

¹² Nuair is le cineálacha difriúla earraí a bhaineann an sonrasc, an nóta seachadta nó an doiciméad tráchtála eile lena bhfuil an dearbhú i gceangal, nó le hearraí nach gcuimsíonn ábhair neamhthionscnaimh chomh mór céanna, ní mór don soláthróir idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu.

Sampla:

Baineann an doiciméad le samhlacha difriúla de mhótair leictreacha faoi cheannnteideal 8501 atá le húsáid i monarú meaisíní níos chéim faoi cheannnteideal 8450. Bíonn difríochtaí i gcineál agus i luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear i monarú na mótar sin ó shamhail amháin go shamhail eile. Dá bhrí sin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na samhlacha sa chéad cholún agus ní mór na táscairí sna colúin eile a sholáthar ar leithligh do gach samhail chun é a chur ar a chumas don mhonaróir meaisíní níos chéim measúnú ceart a dhéanamh ar stádas tionscnaimh a chuid táirgí, ag brath ar an tsamhail de mhótair leictreach a úsáideann sé

¹³ Níor cheart na táscairí atá á n-iarraidh sna colúin sin a thabhairt ach amháin más gá sin a dhéanamh.

Samplaí:

De réir na rialach maidir le baill éadaigh atá faoi ex Caibidil 62 is ceadmhach fíodóireacht maille le cur le chéile lena n-áirítear gearradh fabraice a úsáid. Maidir le monaróir ball éadaigh den sórt sin sa Tuirc a úsáideann fabraic a allmhairíodh ón Aontas Eorpach agus a fuarthas ansin trí shnáth neamhthionscnaimh a shníomh, is leor don soláthróir ón Aontas Eorpach tuairisc a thabhairt ina dhearbhu ar an ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh mar shnáth, gan é a bheith riachtanach ceannnteideal agus luach an tsnátha sin a lua.

I gcás inar táirgeadh iarann faoi cheannnteideal 7217 ó bharraí iarainn neamhthionscnaimh, ba cheart don táirgeoir ‘barraí iarainn’ a scríobh sa dara colún. I gcás ina n-úsáidfeadh an tsreang sin i dtáirgeadh meaisín a bhfuil teorainn ina leith sa rial i ndáil le gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear suas go luach céatadán áirithe, is gá luach na mbarraí neamhthionscnaimh a scríobh sa tríú colún

¹⁴ Ciallaíonn ‘luach na n-ábhar’ an luach custaim tráth allmhairiúcháin na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh, nó, murab eol sin agus mura féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhíoraíthe a íocadh as na hábhair san Aontas/sa Tuirc

¹⁵ Tabhair an dáta tosaigh agus an dáta deiridh. Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 24 mhí.

¹⁶ Áit agus dáta

¹⁷ Ainm agus feidhm sa chuideachta

¹⁸ Síniú (féadfár é a ríomhshíniú)

C. I gcás earraí neamhthionscnaimh ar a ndearnadh oibriú nó próiseáil i dtríú tíortha a bhfuil comhaontuithe um thrádáil fhabhrach tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach agus leis an Tuirc araon lena ndéantar foráil maidir le córas carntha tionscnaimh lena dtugtar le tuiscint go gcuirtear rialacha tionscnaimh comhionanna i bhfeidhm

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, soláthraí na n-earraí a chumhdaítear sa doiciméad atá i gceangal, a sholáthraítear go tráthrialta do ¹⁹ , a dhearbhu gur allmhairíodh na hearraí neamhthionscnaimh seo a leanas san Aontas Eorpach/sa Tuirc leis an dearbhú/na dearbhuithe soláthraí seo a leanas:

Tuairisc ar na hearraí a soláthraíodh	Dearbhú soláthraí (arna eisiúint i dtríú tír)

Tá an dearbhú seo bailí le haghaidh gach lastais de na táirgí sin a sheoltar ó: go²⁰

Geallaim go gcuirfidh mé ar fáil do na húdaráis chustaim aon doiciméad tacaíochta breise a theastaíonn uathu.

.....²¹

.....²²

.....²³

D. LE LÍONADH ISTEACH CHUN AIRTEAGAL 52 A CHUR I bhFEIDHM

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos go ndearnadh

earraí/ábhair a chumhdaítear leis an dearbhú soláthraí seo, a onnmhairíodh ón Aontas Eorpach/ón Tuirc le A.TR uimh....., a onnmhairiú chuig/a úsáid i monarú na n-earraí a onnmhairíodh chuig (sonraigh ainm an CP ábhartha de Choinbhinsiún PEM) faoin socrú fabhrach leis an dearbhú onnmhairiúcháin uimhdáta..... agus EUR.1/dearbhu tionscnaimh uimh dáta.....

Tá an dearbhú seo bailí le haghaidh gach lastais de na táirgí sin a sheoltar ó: go²⁴

¹⁹ Ainm agus seoladh an chustaiméara

²⁰ Tabhair an dáta tosaigh agus an dáta deiridh. Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 24 mhí.

²¹ Áit agus dáta

²² Ainm agus feidhm sa chuideachta

²³ Síniú (féadfar é a ríomhshíniú)

²⁴ Tabhair an dáta tosaigh agus an dáta deiridh. Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 24 mhí.

Geallaim go gcuirfidh mé ar fáil do na húdaráis chustaim aon doiciméad tacaíochta breise a theastaíonn uathu.

..... 25

..... 26

..... 27

TABHAIR FAOI DEARA: Más gá níos mó ná deimhniú gluaiseachta A.TR amháin, dearbhú onnmhairiúcháin amháin agus/nó cruthúnas tionscnaimh amháin a lua, liostófar iad ar leathanach eile atá i gceangal leis an dearbhú soláthraí

25 Áit agus dáta
26 Ainm agus feidhm sa chuideachta
27 Síniú an onnmhaireora (féadfar é a ríomhshíniú)